Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15300/25**

**COPS 583**
**CIVCOM 302**
**COEST 834**
**COHOM 174**
**PSC DEC 51**
**CFSP/PESC 1693**
**CSDP/PSDC 718**
**JAI 1745**
**CSC 611**
**EUMM GEORGIA 8**
**RELEX 1529**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) (EUMM Georgia/1/2025) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin**
**ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia)**
**(EUMM Georgia/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia[1], agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

[1] IO L 213, 13.8.2010, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/452/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Chinneadh 2010/452/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 26 Márta 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1032[2], lena gceaptar Bettina BOUGHANI ina Ceann Misin ar EUMM Georgia ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 14 Nollaig 2024.

---

[2] Cinneadh (CBES) 2024/1032 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Márta 2024 maidir le Ceann Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia a cheapadh (EUMM Georgia) (EUMM GEORGIA/1/2024) (IO L, 2024/1032, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1032/oj).

(3) An 2 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2988[3], lena gcuirtear síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2026.

(4) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/3155[4], lena gcuirtear síneadh le sainordú Bettina BOUGHANI mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 15 Nollaig 2024 go dtí an 14 Nollaig 2025.

(5) An 3 Samhain 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Bettina BOUGHANI mar Cheann Misin ar EUMM Georgia ón 15 Nollaig 2025 go dtí an 31 Márta 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[3] Cinneadh (CBES) 2024/2988 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L, 2024/2988, 3.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2988/oj).

[4] Cinneadh (CBES) 2024/3155 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Nollaig 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia a cheapadh (EUMM Georgia) (EUMM Georgia/2/2024) (IO L, 2024/3155, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3155/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Bettina BOUGHANI mar Cheann Misin ar Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) ón 15 Nollaig 2025 go dtí an 31 Márta 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*